
**Gairdíní a Dhearadh**

Sa ghreille seasann gach cm do mhéadar (is é an scála 1cm: 1m). Mar sin, is ionann gach $cm^2$ agus $m^2$.



Tá roinnt dearthóirí ag 'Gairdíní Áille' a bhaineann úsáid as an eangach chun líníochtaí a dhéanamh de ghairdíní a bhfuil achar $12m^2$ acu (ach, ar ndóigh, $12cm^2$ ina líníochtaí). Cé mhéad dearadh gairdín éagsúil is féidir a dhéanamh a bhfuil achar $12cm^2$ aige?

Leid: Ní gá go mbeadh na gairdíní dronuilleogach.

Féach ar na dearaí go léir. Dá gcaithfeadh gach gairdín fál a bheith thart ar a imlíne, an mbeadh an méid céanna fálta ag teastáil le haghaidh gach ceann acu?

Údair: Miriam Ryan & Lorraine Harbison
Aistritheoirí: Deirdre Ní Chonghaile & Néamhann Ní Dhonnghaile

Is maith leis an dearthóir Poppy a bheith ag dearadh gairdíní a bhfuil ar a laghad balla cuartha amháin acu. **Cén chuma a bheadh ar a dearaí, an dóigh leat?**

Cuir i gcás, níos déanaí sa lá, go n-iarrann an bainisteoir go gcaithfí na gairdíní a chrapadh ina leath. Tarraing na dearaí nua. Cuimhnigh go gcaithfidh na cruthanna fanacht mar a chéile. Mar sin má chrapann tú dronuilleog ina leath, ba cheart go mbeadh an cruth 'nua' ina dhronuilleog a bhfuil achar 6 $cm^2$ aige. **An laghdaíonn an fálú le haghaidh gach ceann acu ina leath freisin?**

Údair: Miriam Ryan & Lorraine Harbison
Aistritheoirí: Deirdre Ní Chonghaile & Néamhann Ní Dhonnghaile